II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/706 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Aibreán 2021

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4i de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 4i de Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Tá faisnéis nuashonraithe faighte maidir le beirt atá ar an liosta.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Aibreán 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

([1]) IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 4 agus 10 ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013:

	Ainm	Faisnéis chéannachta	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"4.	Aung Aung	Inscne: fireann Uimhir aitheantais mhíleata: BC 23750	Tá an Maor-Ghinearál Aung Aung ina Cheannasaí ar an South Western Command de chuid na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus ina iar-Cheannasaí ar an 33rd Light Infantry Division de chuid na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Ina fhianaise sin, is eisean atá freagrach as na hainghníomhartha agus na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an 33rd Light Infantry Division in aghaidh phobal Rohingya i Stát Rakhine sa dara leath de 2017. Airítear ar na hainghníomhartha sin marú neamhdhleathach, foréigean gnéasach, agus an loscadh córasach a rinneadh ar thithe agus ar fhoirgnimh in Rohingya.	25.6.2018
10.	Khin Hlaing	Dáta breithe: 2 Bealtaine 1968 Inscne: fireann	Is é an Maor-Ghinearál Khin Hlaing Ceannasaí Réigiún an Triantáin ar na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Tá sé ina iar-Cheannasaí ar an 99th Light Infantry Division (LID) agus bhí sé ina Cheannasaí ar an North-eastern Command de chuid na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Ina cháil mar Cheannasaí ar an 99th Light Infantry Division (LID), rinne sé maoirseacht ar oibríochtaí míleata a rinneadh i Stát Shan in 2016 agus go luath in 2017. Ina fhianaise sin, is eisean atá freagrach as na hainghníomhartha agus na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an 99th LID in aghaidh mhionlaigh eitneacha na sráidbhailte i Stát Shan sa dara leath de 2016. Áirítear ar na hainghníomhartha sin marú neamhdhleathach, coinneáil éigeantach agus scriosadh sráidbhailte.	21.12.2018"